



Uimhir 33 de 2010

AN tACHT UM ÉILLIÚ A CHOSC (LEASÚ) 2010
[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
 2. Leasú ar alt 1 den *Prevention of Corruption Act* 1906.
 3. Leasú ar alt 7 d'Acht 2001.
 4. Alt nua 8A a chur isteach in Acht 2001.
 5. Leasú ar alt 9 d'Acht 2001.
 6. Sceidil nua a chur isteach in Acht 2001.
 7. Gearrtheideal agus comhlua.
-

[Uimh. 33.] *An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú)* [2010.]
2010.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Achtanna na gCuideachtaí

An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967	1967, Uimh. 12
<i>Debtors (Ireland) Act</i> 1840	3 & 4 Vict., c. 105
Acht an Gharda Síochána 2005	2005, Uimh. 20
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vict., c. 93
An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001	2001, Uimh. 27
<i>Prevention of Corruption Act</i> 1906	6 Edw. 7, c. 34
Na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2005	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977	1977, Uimh. 10
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007	



Uimhir 33 de 2010

AN tACHT UM ÉILLIÚ A CHOSC (LEASÚ) 2010

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN *PREVENTION OF CORRUPTION ACT*
1906 AGUS AN ACHTA UM EILLIÚ A CHOSC (LEASÚ)
2001, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE
GAOLMHARA.

[15 Nollaig, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht um Éilliú a Míniú.
Chosc (Leasú) 2001.

2.—Leasaítear alt 1 (a cuireadh isteach le halt 2 d’Acht 2001) den
Prevention of Corruption Act 1906—

Leasú ar alt 1 den
*Prevention of
Corruption Act
1906.*

(a) i bhfo-alt (2), trí “, consideration or advantage” a chur in
ionad “or consideration”, agus

(b) i bhfo-alt (5)—

(i) sa mhíniú ar “agent”—

(I) i mír (c), i bhfomhír (ix), trí “and” a scriosadh,
agus

(II) i mír (c), trí na fomhíreanna seo a leanas a chur
in ionad fhomhír (x):

“(x) any other person employed by or
acting on behalf of the public
administration of any state
(other than the State), including
a person under the direct or
indirect control of the
government of any such state,
and

(xi) a member of, or any other person
employed by or acting for or on
behalf of, any international
organisation established by an
international agreement between
states to which the State is not a
party;”

agus

(ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“‘corruptly’ includes acting with an improper purpose personally or by influencing another person, whether by means of making a false or misleading statement, by means of withholding, concealing, altering or destroying a document or other information, or by any other means;

‘state’, in relation to a state other than the State, includes—

- (a) a territory, whether in the state or outside it, for whose external relations the state or its government is wholly or partly responsible,
- (b) a subdivision of the government of the state, and
- (c) a national, regional or local entity of the state.”.

Leasú ar alt 7
d’Acht 2001.

3.—Leasaítear alt 7 d’Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “(cibé acu is gníomhaire an duine nó nach ea)” a chur isteach i ndiaidh “i gcás go ndéanfaidh duine”, agus
- (ii) trí “faoin alt iomchuí” a chur in ionad “faoi alt 1 (a cuireadh isteach le halt 2 den Acht seo) d’Acht 1906”,

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) ach amháin más rud é, maidir leis an duine lena mbaineann, gurb éard atá ann nó inti—

- (a) saoránach Éireannach,
- (b) pearsa aonair ar sa Stát atá gnáthchónaí air nó uirthi,
- (c) cuideachta arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí,
- (d) aon chomhlacht corpraithe eile arna bhunú faoi dhlí de chuid an Stáit, nó
- (e) gníomhaire iomchuí in aon chás nach dtagann an gníomhaire iomchuí faoi réim aon mhíre de mhíreanna (a) go (d).

(3) San alt seo—

tá le ‘gníomhaire’ an bhrí a shanntar dó le fo-alt (5) den alt iomchuí;

ciallaíonn ‘gnáthchónaí sa Stát’, i ndáil le pearsa aonair, gur sa Stát a bhí an phríomháit chónaithe aige nó aici ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh an gcion lena mbaineann faoi fho-alt (1), a líomhnaítear a rinneadh, a dhéanamh;

ciallaíonn ‘gníomhaire iomchuí’ duine a thagann faoi réim mhír (b) den mhíniú ar ‘gníomhaire’ i bhfo-alt (5) den alt iomchuí;

ciallaíonn ‘alt iomchuí’ alt 1 (a cuireadh isteach le halt 2 den Acht seo agus arna leasú le halt 2 den *Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010*) d’Acht 1906.”.

4.—Leasaítear Acht 2001 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

Alt nua 8A a chur isteach in Acht 2001.

“Daoine (lena n-áirítear fostaithe) a thuiriscíonn cionta faoi na *hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2010* a chosaint.

8A.—(1) Maidir le duine a bheadh, ar leith ón alt seo, faoi dhliteanas amhlaidh, ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith é nó í do chur a thuirime nó a tuairime in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí á rá go mb’fhéidir go ndearnadh cion faoi na *hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2010* nó go mb’fhéidir go bhfuil cion den sórt sin á dhéanamh, mura rud é—

(a) agus é nó í ag cur a thuirime nó a tuairime in iúl don duine cuí sin, go ndearna sé nó sí amhlaidh—

(i) agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach, nó

(ii) agus é nó í meargánta i dtaobh í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach,

nó

(b) i dtaca lena thuirim nó a tuairim a chur in iúl don duine cuí sin, gur thug sé nó sí faisnéis ab eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

(2) Déanfar an tagairt i bhfo-alt (1) do dhliteanas maidir le damáistí a fhorléiriú mar thagairt a fholáíonn tagairt do dhliteanas maidir le haon chineál eile faoisimh.

(3) Aon duine a dhéanann cumarsáid faoi fho-alt (1), arb eol don duine í a bheith bréagach, á rá go mb’fhéidir go bhfuil cion faoi na *hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2010* déanta nó á dhéanamh ag duine, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Maidir le fo-alt (1), is fo-alt é i dteannta, agus ní in ionad, aon phribhléide nó cosanta atá ar

fáil in imeachtaí dlíthiúla, de bhua aon achtacháin nó rialach dlí atá i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, i leith duine do chur tuairime den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (1) in iúl do dhuine eile (cibé acu is duine cuí an duine eile sin nó nach ea).

(5) Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go ndeanfaidh aon duine eile, ná ní ligfidh sé nó sí d'aon duine eile, fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí—

(a) mar gheall ar theacht ar thuairim den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus í a chur in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí, mura rud é go ndearna an fostaí amhlaidh—

(i) agus é nó í ag cur a thuairime nó a tuairime in iúl don duine cuí sin, go ndearna sé nó sí amhlaidh—

(I) agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach, nó

(II) agus é nó í meargánta i dtaobh í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach,

nó

(ii) i dtaca lena thuairim nó a tuairim a chur in iúl don duine cuí sin, gur thug sé nó sí faisnéis ab eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

nó

(b) mar gheall ar fhógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an rud dá dtagraítear i mír (a) a dhéanamh.

(6) Beidh éifeacht le Sceideal 1 i ndáil le sárú líomhnaithe ar fho-alt (5).

(7) Aon fhostóir a sháraíonn fo-alt (5), beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(8) Aon duine atá ciontach i gcion faoi fho-alt (3) nó (7), dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(9) Beidh feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, i ndáil le cion dá dtagraítear i bhfo-alt (8) amhail is dá ndéanfaí, in ionad na bpionós a shonraítear i bhfo-alt (3)(a) den alt sin, na pionóis dá bhforáiltear i bhfo-alt (8)(a) a shonrú ann agus déanfar an tagairt i bhfo-alt (2)(a) den alt sin do na pionóis dá bhforáiltear le fo-alt (3) den alt sin a fhorléiriú agus beidh éifeacht léi dá réir sin.

(10) Aon duine a dhéanann, agus é nó í á scrúdú faoi mhionn nó faoi dhearthasc a bheidh údaraithe faoi mhír 3(1) de Sceideal 1, aon ráiteas go toiliúil a bheidh ábhartha chun na críche sin agus is eol don duine a bheith bréagach nó nach greideann sé nó sí a bheith fíor, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(11) Beidh duine ar tugadh fógra dó nó di faoi mhír 3(2) de Sceideal 1 agus a dhiúltaíonn nó a fhaillíonn go toiliúil teacht i láthair de réir an fhógra nó, ar é nó í a bheith i láthair amhlaidh, a dhiúltaíonn fianaise a thabhairt nó a dhiúltaíonn nó a mhainníonn go toiliúil aon doiciméad lena mbaineann an fógra a thabhairt ar aird, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

(12) Aon doiciméad a airbheartaíonn a bheith sínithe ag cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, nó ag leaschathaoirleach de chuid na Cúirte Oibreachais, agus a ndéarfar ann—

- (a) gur ceanglaíodh, le fógra faoi fho-alt 3(2) de Sceideal 1, ar dhuine atá ainmnithe sa doiciméad, freastal os comhair na Cúirte Oibreachais ar lá agus ar thráth agus in áit a shonraítear sa doiciméad, chun fianaise a thabhairt nó chun doiciméad a thabhairt ar aird, nó an dá rud sin a dhéanamh,
- (b) gur tionóladh suí den Chúirt Oibreachais an lá sin agus an tráth sin agus san áit sin, agus
- (c) nár fhreastail an duine os comhair na Cúirte Oibreachais de bhun an fhógra nó, de réir mar a bheidh, gur dhiúltaigh sé nó sí, agus é nó í ag freastal amhlaidh, fianaise a thabhairt nó gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh sé nó sí

go toiliúil an doiciméad a thabhairt ar aird,

beidh sé, in ionchúiseamh i gcion faoi fho-alt (11), ina fhianaise ar na hábhair a bheidh ráite amhlaidh, gan a thuilleadh cruthúnais, mura suítear a mhalairt.

(13) Chun críocha an ailt seo, folaíonn tagairt do ‘dífhostú’—

- (a) difhostú de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007, agus
- (b) difhostú, más rud é go ndéantar é go hiomlán nó go páirteach chun nach measfar gur Conradh d’fhad éiginnte faoi alt 9(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 é Conradh téarma shocraithe, nó más rud é gur i ndáil leis an gcríoch sin a dhéantar é.

(14) Beidh éifeacht le Sceideal 2 chun críocha cumarsáide dá dtagraítear san alt seo arna déanamh le duine cuí is faighteoir rúnda.

(15) Ní fhorléireofar míreanna (a), (c), (d), (e) agus (f) den mhíniú ar ‘pionósú’ i bhfo-alt (16) ar mhodh ar a gcoiscfead ar fhostóir—

- (a) a chinntiú go seolfar an gnó lena mbaineann ar mhodh éifeachtúil, nó
- (b) aon ghníomh a dhéanamh a bhfuil gá leis ar chúiseanna eacnamaíocha, teicniúla nó eagrúcháin.

(16) San alt seo—

ciallaíonn ‘duine cuí’, i ndáil le cumarsáid dá dtagraítear san alt seo arna déanamh ag duine, cumarsáid—

- (a) in aon chás, le comhalta den Gharda Síochána,
- (b) in aon chás inar ceapadh an tuairim lena mbaineann den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i gcúrsa fhostaíocht an duine—
 - (i) le fostóir an duine, nó
 - (ii) le duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an bhfostóir sin mar an duine a bhféadfar cumarsáid den chineál sin a dhéanamh leis nó léi,

(c) gan dochar do ghinearáltacht mhíreanna (a) agus (b), in aon chás ina bhfuil an duine i stát seachas an Stát—

(i) le hoifigeach taidhleoireachta nó consalachta don Stát atá sa stát sin, nó

(ii) le comhalta de ghníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí de chuid an stáit sin,

nó

(d) in aon chás inar mian leis an duine cumarsáid a dhéanamh faoi rún, le faighteoir rúnda;

tá le ‘faighteoir rúnda’ an bhrí a shanntar dó le mír 1 de Sceideal 2;

ciallaíonn ‘conradh fostaíochta’ conradh fostaíochta nó seirbhíse nó printíseachta, cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

ciallaíonn ‘fostaí’ duine a rinne conradh fostaíochta nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d’oibrigh faoi chonradh fostaíochta), agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin;

ciallaíonn ‘fostóir’, i ndáil le fostaí, an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena ndearna an fostaí conradh fostaíochta nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta), agus foláíonn sé—

(a) duine (seachas fostaí de chuid an duine sin) a n-oibríonn fostaí faoina rialú agus faoina stiúradh, agus

(b) más cuí, comharba an fhostóra nó fostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

ciallaíonn ‘pionósú’ aon ghníomh nó neamhghníomh arna dhéanamh ag fostóir, nó ag duine atá ag gníomhú thar ceann fhostóra, ar chun aimhleasa an fhostaí é maidir le haon téarma nó le haon choinníoll a ghabhann lena fhostaíocht nó lena fostaíocht, agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, foláíonn sé—

(a) fionraí, asleagan nó dífhostú,

(b) fionraí, asleagan nó dífhostú a bhagairt,

- (c) íslíú céime, nó deis ar ardú céime a chailleadh,
- (d) dualgais a aistriú, suíomh áite oibre a athrú, pá a laghdú nó uaireanta oibre a athrú,
- (e) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a ghearradh,
- (f) caitheamh go héagórach le fostaí, lena n-áirítear fostaí a roghnú chun iomarcaíochta,
- (g) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,
- (h) idirdhealú, cur faoi mhíbhuntáiste nó caitheamh go dochrach,
- (i) díobháil, damáiste nó cailteanas, agus
- (j) díoltas a bhagairt.”.

Leasú ar alt 9
d’Acht 2001.

5.—Leasaítear Acht 2001 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9:

“Cionta —
ginearálta.

9.—(1) I gcás cion faoi na hAchtanna iomchuí a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú, cúltheadú nó ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine—

- (a) ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó
- (b) ba dhuine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin,

beidh an duine sin freisin ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh an duine ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn a chuid gnóthaí, beidh feidhm ag fo-alt (1) i leith gníomhartha nó mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe an comhalta.

(3) Tá feidhm ag fo-ailt (1) agus (2), fara aon mhodhnuithe is gá, i leith cionta faoi na hAchtanna iomchuí arna ndéanamh ag comhlacht neamhchorpraithe.

(4) D’ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, féadfar imeachtaí achoimre i

leith ciona faoi na hAchtanna iomchuí lena mbaineann an fhoráil sin a thionscnamh—

- (a) laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion, nó
- (b) laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocthaí fianaise is leor, i dtuairim an duine a thionscnaíonn na himeachtaí, chun bonn cirt a chur faoi na himeachtaí, ar iúl an duine sin,

cibé acu is déanaí, ar choinníoll nach dtionscnoífar aon imeachtaí den sórt sin níos déanaí ná 2 bhliain ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.

(5) Chun críocha fho-alt (4), beidh deimhniú arna shíniú ag an duine nó thar ceann an duine a thionscnaíonn na himeachtaí, maidir leis an dáta a tháinig fianaise dá dtagraítear san fho-alt sin ar iúl dó nó di, ina fhianaise maidir leis an dáta sin agus, in aon imeachtaí dlí, aon doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú faoin bhfo-alt seo é, agus a bheith sínithe amhlaidh, glacfar i bhfianaise é gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn an deimhniú a shíniú, mura súffear a mhalairt.

(6) San alt seo, ciallaíonn ‘na hAchtanna iomchuí’ na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2010.”.

6.—Leasaítear Acht 2001 trí na Sceidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10:

Sceidil nua a chur isteach in Acht 2001.

“SCEIDEAL 1

SÁSAMH MAR GHEALL AR SHÁRÚ AR ALT 8A(5)

Gearáin le coimisinéir um chearta.

1. (1) Féadfaidh fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, lena thoiliú nó a toiliú), nó, le toiliú an fhostaí, aon cheardchumann dá bhfuil an fostaí ina chomhalta nó ina comhalta, gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh fostóir an fhostaí alt 8A(5) i ndáil leis an bhfostaí agus ní gá don fhostaí bliain amháin ar a laghad de sheirbhís leanúnach a bheith aige nó aici leis an bhfostóir lena mbaineann d’fhonn gearán den sórt sin a thíolacadh.

(2) I gcás go ndéanfar gearán faoi fhomhír (1), déanfaidh an coimisinéir um chearta—

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil ón gcoimisinéir agus aon fhianaise a bhaineann le hábhar an ghearáin a thíolacadh don choimisinéir,
- (b) breith a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis, agus

(c) an bhreith a chur in iúl do na páirtithe.

(3) Le breith ó choimisinéir um chearta faoi fhomhír (2), déanfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas leis:

(a) a dhearbhu go raibh nó, de réir mar a bheidh, nach raibh bonn maith leis an gearán;

(b) a cheangal ar an bhfostóir gníomh sonraithe a dhéanamh, a bhféadfaidh, i gcás gurb éard a bheidh sa phionósú dífhostú de réir bhrí 8A(13), athfhostú nó athfhrúilú a bheith san áireamh ann;

(c) a cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí, ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, ach gan dul thar luach saothair 104 seachtaine i leith fhostaíocht an fhostaí arna ríomh de réir rialachán faoi alt 17 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977;

agus déanfar na tagairtí i gclásail (b) agus (c) d'fhostóir a fhorléiriú, i gcás ina n-athróidh úinéireacht ghnó an fhostóra i ndiaidh don sárú lena mbaineann an gearán tarlú, mar thagairtí don duine a thiocfaidh chun bheith i dteideal na húinéireachta sin de bhua an athraithe.

(4) Faoi réir fhomhír (10), ní thabharfaidh coimisinéir um chearta aird ar ghearán faoin mír seo má thíolactar dó nó di é tar éis deireadh na tréimhse 6 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán.

(5) D'ainneoin fhomhír (4), féadfaidh coimisinéir um chearta aird a thabhairt ar ghearán faoin mír seo a thíolacfar dó nó di tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (4) (ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin) más deimhin leis nó léi gur imthosca eisceachtúla ba chúis leis an mainneachtain an gearán a thíolacadh laistigh den tréimhse sin.

(6) Tíolacfar gearán trí fhógra ina thaobh a thabhairt i scríbhinn do choimisinéir um chearta agus beidh cibé sonraí san fhógra, agus beidh sé i cibé foirm, a shonróidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ó am go ham.

(7) Tabharfaidh an coimisinéir um chearta cóip d'fhógra faoi fhomhír (6) don pháirtí eile lena mbaineann.

(8) Seolfar imeachtaí faoin mír seo os comhair coimisinéara um chearta ar shlí seachas go poiblí.

(9) Déanfaidh coimisinéir um chearta cóip de gach breith a thabharfaidh an coimisinéir faoi fhomhír (2) a thabhairt don Chúirt Oibreachais.

(10) I gcás gurb aon mhífhaisnéis arna thabhairt ag an bhfostóir is cúis le fostaí do dhéanamh moille le gearán a thíolacadh faoin mír seo, forléireofar fhomhír (4) amhail is dá mba thagairt don dáta ar ar tháinig an mhífhaisnéis ar iúl an fhostaí í an tagairt do dháta an tsáraithe.

Achomhairc i gcoinne breitheanna ó choimisinéir um chearta.

2. (1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta faoi mhír 1(2) agus, má dhéanann an páirtí amhlaidh, tabharfaidh an Chúirt Oibreachais deis do na páirtithe éisteacht a fháil uaithi agus aon fhianaise a bhaineann le hábhar an achomhairc a thíolacadh di, déanfaidh sí cinneadh i scríbhinn i ndáil leis an achomharc lena ndaingneofar nó lena n-athrófar an bhreith nó lena gcuirfear an bhreith ar ceal agus cuirfidh sí an cinneadh in iúl do na páirtithe.

(2) Déanfaidh an páirtí lena mbaineann achomharc faoin mír seo a thionscnamh, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt, laistigh de 42 lá (nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Chúirt sna himthosca áirithe) ón dáta a cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl don pháirtí, don Chúirt Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an Chúirt Oibreachais faoi chlásail (e) agus (f) d'fhomhír (4) agus ina ndéarfear go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe.

(3) Tabharfaidh an Chúirt Oibreachais cóip d'fhógra faoi fhomhír (2) d'aon pháirtí eile lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis don Chúirt Oibreachais an fógra a fháil.

(4) Cinnfidh an Chúirt Oibreachais na nithe seo a leanas, nó na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leo, eadhon:

- (a) an nós imeachta i ndáil le gach ní a bhaineann leis an gCúirt Oibreachais do thionscnamh agus d'éisteacht achomharc faoin mír seo;
- (b) tráthanna agus áiteanna éisteachtaí ar achomhairc den sórt sin;
- (c) ionadaíocht na bpáirtithe in achomhairc den sórt sin;
- (d) cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhoilsiú agus a fhógairt;
- (e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi fhomhír (2); agus
- (f) aon nithe a leanfaidh as na nithe roimhe seo nó a ghabhann leo.

(5) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais ceist dlí a eascróidh in imeachtaí os a comhair faoin mír seo a tharchur chun na hArd-Chúirte chun go dtabharfaidh sí cinneadh ina leith agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(6) Féadfaidh páirtí in imeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais faoin mír seo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinnidh ón gCúirt Oibreachais ar phonc dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

Míreanna 1 agus 2: forálacha forlíontacha.

3. (1) Beidh cumhacht ag an gCúirt Oibreachais, ar aon achomharc a tarchuireadh chuici faoi mhír 2 a éisteacht, fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus, chun na críche sin, féadfaidh sí a chur faoi deara do dhaoine a bheidh ag

freastal mar fhinnéithe ag an éisteacht sin mionn a thabhairt nó dearbhasc a dhéanamh.

(2) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais, trí fhógra chuige sin a thabhairt i scríbhinn d'aon duine, a cheangal ar an duine sin freastal cibé tráth agus cibé áit a shonrófar san fhógra agus—

(a) fianaise a thabhairt maidir le haon ní a bhfuil achomharc déanta ina aghaidh chun na Cúirte Oibreachais faoi mhír 2, nó

(b) aon doiciméid a thabhairt ar aird a shonraítear san fhógra a bhaineann leis an ní atá i seilbh nó faoi chumhacht an duine,

nó iad araon a dhéanamh.

(3) Beidh teideal ag aon fhinné ag éisteacht achomhairc os comhair na Cúirte Oibreachais ar na pribhléidí agus ar na díolúintí céanna i leith na nithe sin a bheadh ag finné os comhair na hArd-Chúirte.

(4) I gcás nach ndearna an fostóir lena mbaineann breith ó choimisinéir um chearta i ndáil le gearán faoin Sceideal seo a chur i gcrích de réir a téarmaí, go mbeidh an tréimhse ama imithe in éag chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe agus nach ndearnadh aon achomharc den sórt sin nó, má rinneadh achomharc den sórt sin, gur tréigeadh é, féadfaidh an fostaí lena mbaineann an gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais agus déanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh a mbeidh an éifeacht chéanna leis atá leis an gcinneadh, gan an fostóir lena mbaineann ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht.

(5) Déanfar gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais faoi fhomhír (4) trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí (más ann) a chinnfidh an Chúirt Oibreachais.

(6) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais, ar shlí is dóigh léi is cuí, sonraí a fhoilsiú i dtaobh aon chinnidh a dhéanfaidh sí faoi aon cheann de chláisail (a), (b), (c), (d), (e) agus (f) d'fhomhír (4) de mhír 2 (nach cinneadh maidir le hachomharc áirithe faoin mír sin) agus faoi fhomhír (5).

(7) In imeachtaí faoin Sceideal seo os comhair coimisinéara um chearta nó na Cúirte Oibreachais i ndáil le gearán gur sáraíodh alt 8A(5), toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur ghníomhaigh an fostaí lena mbaineann go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim agus an chumarsáid lena mbaineann a dhéanamh.

(8) (a) Más rud é gurb éard a bheidh i bpionósú fostaí, de shárú ar alt 8A(5), dífhostú an fhostaí, dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar 'pionósú' in alt 8A(16), féadfaidh an fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, lena thoilíú nó a toiliú) imeachtaí a thionscnamh i leith an dífhostaithe sin faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007 nó chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach agus, má dhéanann

an fostaí nó tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, lena thoiliú nó a toiliú, amhlaidh, ní ceadmhach an dífhostú sin a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi mhír 1(1).

- (b) Má dhéanann fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, lena thoiliú nó a toiliú) gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi mhír 1(1) i leith dífhostaithe dá dtagraítear i gclásal (a), ní ceadmhach don fhostaí nó a tuismitheoir nó a tuismitheoir nó a chaomhnóir nó a caomhnóir, de réir mar a bheidh, imeachtaí a thionscnamh i leith an dífhostaithe sin faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007 nó chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach.

Cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú.

4. (1) Má mhainníonn fostóir cinneadh ón gCúirt Oibreachais i ndáil le gearán faoi mhír 1 a chur i gcrích de réir a théarmaí laistigh de 28 lá ón dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, déanfaidh an Chúirt Chuarda, ar iarratas chuici chuige sin—

- (a) ón bhfostaí lena mbaineann (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, lena thoiliú nó a toiliú), nó
- (b) le toiliú an fhostaí, ó aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí,

gan an fostóir nó aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht, ordú á ordú don fhostóir an cinneadh a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(2) An tagairt i bhfomhír (1) do chinneadh ón gCúirt Oibreachais, is tagairt í do chinneadh nach mbeidh, ar dhul in éag don tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh ina choinne, aon achomharc den sórt sin déanta i ndáil leis nó, más rud é go ndearnadh achomharc den sórt sin gur tréigeadh é agus léifear an tagairt san fhomhír sin don dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, i gcás go dtréigfear achomharc den sórt sin, mar thagairtí do dháta an tréigin sin.

(3) In ordú faoin mír seo lena bhforálfar go n-íocfar cúiteamh, féadfaidh an Chúirt Chuarda, más cuí léi sna himthosca go léir déanamh amhlaidh, a ordú don fhostóir lena mbaineann ús ar an gcúiteamh a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann (de réir an ráta in aghaidh na bliana a bheidh arna shonrú de thuras na huairé in alt 26 den *Debtors (Ireland) Act* 1840) do gach lá nó cuid de lá dar tosach 28 lá tar éis an lae a chuirfear breith na Cúirte Oibreachais in iúl do na páirtithe agus dar críoch an lá díreach roimh an lá a chomhlíonfar an t-ordú ón gCúirt Chuarda.

(4) Aon iarratas faoin mír seo chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chun an bhreithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, trádáil, gnó nó slí bheatha.

Léiriú.

5. Beidh feidhm ag alt 8A(16) maidir le léiriú an Sceidil seo mar atá feidhm aige maidir le léiriú alt 8A.

SCEIDEAL 2

FORÁLACHA IS INFHEIDHME I gCÁS CUMARSÁIDÍ
DA dTAGRAÍTEAR IN ALT 8A ARNA nDÉANAMH AR
MHODH RÚIN

Mínithe.

1. Sa Sceideal seo—

ciallaíonn ‘cion iomchuí líomhnaithe’, i ndáil le cumarsáid rúnda, an cion faoi *na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2010* a líomhnaítear sa chumarsáid;

tá le ‘duine cuí’ an bhrí a shanntar dó le halt 8A(16);

ciallaíonn ‘sibhialtach’ comhalta d’fhoireann sibhialta an Gharda Síochána;

ciallaíonn ‘Coimisinéir’—

(a) Coimisinéir an Gharda Síochána, nó

(b) leaschoimisinéir, nó coimisinéir cúnata, arna údarú nó arna húdarú faoi alt 32 d’Acht an Gharda Síochána 2005 chun feidhmeanna an Choimisinéara a chomhlíonadh;

ciallaíonn ‘cumarsáid rúnda’ cumarsáid dá dtagraítear in alt 8A arna déanamh le duine cuí is faighteoir rúnda;

ciallaíonn ‘cumarsáidí rúnda’, i ndáil le cumarsáid rúnda, an duine a rinne an chumarsáid rúnda;

ciallaíonn ‘faighteoir rúnda’ duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi mhír 2 chun cumarsáidí rúnda a ghlacadh;

ciallaíonn ‘comhalta’—

(a) comhalta den Gharda Síochána, nó

(b) comhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann arna cheapadh nó arna ceapadh chuig céim sa Gharda Síochána faoi alt 52 nó 53 d’Acht an Gharda Síochána 2005.

Faighteoirí rúnda a cheapadh.

2. Féadfaidh an Coimisinéir comhalta nó sibhialtach, nó comhaltaí nó sibhialtaigh, a cheapadh mar fhaighteoir rúnda nó mar fhaighteoirí rúnda chun cumarsáidí rúnda a ghlacadh.

Cumarsáid rúnda.

3. (1) I gcás go ndearnadh cumarsáid rúnda le faighteoir rúnda, nochtfaidh an cumarsáidí rúnda don fhaighteoir aon doiciméad, aon taifead nó aon fhaisnéis a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú a bhaineann leis an gcion iomchuí líomhnaithe.

(2) Aon fhaisnéis a nochtfar faoi fhomhír (1), beidh sí i cibé foirm a cheanglóidh an faighteoir rúnda.

(3) Ní ceadmhach cumarsáid rúnda a dhéanamh go hanaithnid.

Cumarsáid rúnda a tharchur.

4. I gcás go ndearnadh cumarsáid rúnda le faighteoir rúnda, déanfaidh an faighteoir, a luaithe is indéanta, an chumarsáid a tharchur chuig an gCoimisinéir.

Ní mór don Choimisinéir, etc. bearta a dhéanamh chun a chinntiú nach nochtfar céannacht faighteora rúnda.

5. I gcás gur tarchuireadh cumarsáid rúnda chuig an gCoimisinéir de bhun mhír 4, déanfaidh an Coimisinéir, agus aon duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, ag scrúdú na cumarsáide nó ag imscrúdú an chiona iomchuí líomhnaithe dó nó di, gach beart indéanta chun a chinntiú nach nochtfar céannacht an fhaighteora rúnda.

Céannacht cumarsáidí rúnda a chosaint

6. (1) I gcás go ndearnadh cumarsáid rúnda le faighteoir rúnda, ní ceadmhach don fhaighteoir céannacht an chumarsáidí rúnda a nochtadh don Choimisinéir ach amháin má chomhlíontar gach aon cheann de na forálacha seo a leanas:

(a) ní mór—

(i) an Coimisinéir a bheith deimhneach go bhfuil eolas ar chéannacht an chumarsáidí riachtanach chun scrúdú cóir a dhéanamh ar an gcumarsáid nó chun an cion iomchuí líomhnaithe a imscrúdú;

(ii) don Choimisinéir na cúiseanna atá aige nó aici lena bheith deimhneach amhlaidh a chur in iúl don fhaighteoir;

(b) ní mór don fhaighteoir a bheith deimhneach go bhfuil gach beart indéanta déanta ag an gCoimisinéir, sula ndéanfaidh sé nó sí an cur in iúl don fhaighteoir faoi chlásal (a)(ii), chun scrúdú na cumarsáide nó imscrúdú an chiona iomchuí líomhnaithe a chur chun cinn;

(c) ní mór an scéal a bheith curtha in iúl don chumarsáidí ag an bhfaighteoir agus ní mór dó nó di tuairimí an chumarsáidí maidir le nochtadh a chéannachta nó a céannachta a bheith breithnithe aige nó aici; agus

(d) ní mór don fhaighteoir a bheith deimhneach freisin, ag féachaint do na himthosca go léir, go bhfuil an nochtadh riachtanach chun scrúdú cóir a dhéanamh ar an gcumarsáid nó chun an cion iomchuí líomhnaithe a imscrúdú.

(2) I gcás gur tarchuireadh cumarsáid rúnda chuig an gCoimisinéir de bhun mhír 4, ní ceadmhach don Choimisinéir céannacht an chumarsáidí rúnda a nochtadh—

(a) do chomhalta,

(b) do sibhialtach, ná

(c) don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

ach amháin i gcás gur deimhin leis an gCoimisinéir go bhfuil an nochtadh riachtanach chun scrúdú cóir a dhéanamh ar an gcumarsáid nó chun an cion iomchuí líomhnaithe a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

(3) Faoi réir fhomhír (4), aon chomhalta nó aon sibhialtach dá mbeidh céannacht cumarsáidí rúnda nochtta faoi fhomhír (2), ní ceadmhach dó nó di an chéannacht a nochtadh d'aon duine eile gan údarú i scríbhinn ón gCoimisinéir.

(4) Ní ceadmhach don Choimisinéir údarú dá dtagraítear i bhfomhír (3) a thabhairt ach amháin i gcás go bhfuil sé nó sí deimhneach go bhfuil sé riachtanach chun scrúdú cóir a dhéanamh ar an gcumarsáid rúnda nó chun an cion iomchuí líomhnaithe a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

(5) Mura n-údaráítear ar shlí eile dó nó di é faoin mír seo, ní ceadmhach d'fhaighteoir rúnda, do chomhalta, ná do sibhialtach, a mbeidh céannacht cumarsáidí rúnda nochtta dó nó di, an chéannacht a nochtadh ach amháin le toiliú i scríbhinn ón gcumarsáidí rúnda nó faoi ordú cúirte.”.

Gearrtheideal agus comhlua.

7.—(1) Féadfar an tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2010 a ghairm de na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2005 agus den Acht seo le chéile.